

Perrett Laver

AMERICAS ASIA PACIFIC EMEA

Ceapadh

# an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

Téarmaí agus Coinníollacha

BIM Ireland's Seafood Development Agency

# CEANGLAIS INCHÁILITHEACHTA DON PHRÍOMHOIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN

## SAORÁNACHT

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire nach bhfuil incháilitheacht chun dul san iomaíocht ar son post ar oscailt ach amháin do shaoránaigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) nó do náisiúnaigh neamh-LEE a bhfuil cead oibre bailí acu. Is é atá in LEE Ballstáit an Aontais Eorpaigh mar aon leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua. Féadfaidh saoránaigh Eilvéiseacha iarratas a dhéanamh freisin, faoi chomhaontuithe AE.

## SRIANTA ÁIRITHE AR INCHÁILITHEACHT

Ceanglófar ar iarratasóirí a dhearbhú ar bhain siad leas as scéim dreasachta luathscoir/iomarcaíochta Seirbhíse Poiblí roimhe seo nó nár bhain, agus ba cheart dul i dteagmháil leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun incháilitheacht le haghaidh ceapacháin a mheasúnú dá bhun sin. Seo a leanas samplaí de shrian ar incháilitheacht de bhun scéimeanna den sórt sin:

- **ÍOCAÍOCHTAÍ IOMARCAÍOCHTA AN CHOMHAONTAITHE CHOMHCHOITINN LE SEIRBHÍSIGH PHOIBLÍ:** Rinneadh Comhaontú Comhchoiteann, ar thángthas air idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Poiblí Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU) i ndáil le hÍocaíochtaí Iomarcaíochta ex-gratia le Seirbhísigh Phoiblí, agus a bhfuil éifeacht leis ón 1 Meitheamh 2012, a thabhairt isteach leis an litir ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chuig Oifigigh Phearsanra dar dáta an 28 Meitheamh 2012. Is coinníoll de chuid an Chomhaontaithe Chomhchoitinn é nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an gcomhaontú incháilithe lena n-athfhostú sa tSeirbhís Phoiblí ag aon chomhlacht Seirbhíse Poiblí (mar a mhínítear é sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009 - 2011) go ceann tréimhse 2 bhliain tar éis an fhostaíocht a fhoirceannadh. Beidh ar dhaoine a bhain leas as an scéim sin agus a n-éireoidh leo sa chomórtas seo a chruthú go bhfuil siad incháilithe (deireadh a bheith leis an tréimhse neamh-incháilitheachta).

- **AN SCÉIM DREASACHTA LUATHSCOIR (SDLS):** Is coinníoll é de chuid na Scéime Dreasachta Luathscoir (SDLS), mar a leagtar amach í i gCiorclán 12/09 ón Roinn Airgeadais, nach bhfuil daoine a scoir incháilithe faoin Scéim sin le haghaidh cur isteach ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó san earnáil chéanna, e.g., ní bheidh státseirbhíseach a chuaigh ar scor faoin scéim sin incháilithe lena (h)athfhostú sa státseirbhís sa todhchaí, seachas in imthosca eisceachtúla ar aon dul leis na téarmaí a leagtar amach i mír 15 den Scéim sin agus le cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

- **CIORCLÁN ÓN ROINN SLÁINTE AGUS LEANAÍ (7/2010):** Tugadh Scéim Luathscoir Shaorálaigh Spriocdhírithe (LSS) agus Scéimeanna Iomarcaíochta Saorálaí (SIS) isteach le Ciorclán 7/2010 ón Roinn Sláinte dar dáta an 1 Samhain 2010. Is coinníoll de chuid scéim LSS é nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an scéim incháilithe lena n-athfhostú san earnáil sláinte poiblí ná sa tSeirbhís Phoiblí i gcoitinne ná i gcomhlacht a chistítear go hiomlán nó go príomha as airgead poiblí. Tá feidhm ag an toirmeasc céanna ar athfhostú faoi SIS, ach amháin gur toirmeasc go ceann tréimhse seacht mbliana é an toirmeasc. Dá bhua sin: níl daoine a bhain leas as scéim LSS incháilithe le haghaidh ceapacháin, agus beidh ar dhaoine a bhain leas as scéim SIS agus a n-éireoidh leo i gcomórtas a chruthú go bhfuil siad incháilithe (deireadh a bheith leis an tréimhse neamh-incháilitheachta).

- **CIORCLÁN ÓN ROINN SLÁINTE (4/2013):** Le Ciorclán 4/2013 ón Roinn Sláinte dar dáta an 1 Bealtaine 2013, tugadh isteach an Scéim Iomarcaíochta Deonaí (IO) Spriocdhírithe faoi Bhearta Laghdaithe Líon Foirne an Chreata Rialaithe Fostaíochta, 2013. De réir théarmaí an Chomhaontaithe Chomhchoitinn: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí dar dáta an 28 Meitheamh 2012 mar atá sonraithe thuas, is coinníoll sonrach de chuid na Scéime Iomarcaíochta Deonaí nach mbeidh daoine incháilithe lena n-athfhostú in aon chomhlacht Seirbhíse Poiblí [de réir an tsainmhínithe sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009-2011, agus san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012] go ceann tréimhse 2 bhliain tar éis a ndáta imeachta faoin Scéim seo. Tá feidhm ag na coinníollacha seo freisin i gcás fostaíochta ar bhonn conradh le haghaidh seirbhíse (mar chonraitheoir nó mar fhostaí de chuid conraitheora).

## PRÍOMHCHOINNÍOLLACHA SEIRBHÍSE

## GINEARÁLTA

Déantar an ceapachán faoi alt 14(7)(1)(4) den Acht Iascaigh Mhara, 1952, le haghaidh toiliú ón Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun Príomhoifigeach Feidhmiúcháin lánaimseartha de chuid BIM a cheapadh chun teacht in ionad an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin atá ag imeacht as oifig.

### TUARASTAL

Is é seo a leanas an tuarastal reatha don phost: Ráta Ranníocaíochta Pearsanta Pinsin (RPP): €161,877. Tá an ráta sin ag teacht leis an gcoigeartú pá is déanaí dar dáta an 1 Lúnasa 2025.
Tá feidhm ag an ráta pá RPP i gcás go gceanglaítear ar an duine aonair Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin (dá ngairtear ranníocaíocht príomhscéime ar shlí eile) a íoc de réir rialacha a p(h)ríomhscéime aoisliúntais/a scéime pearsanta aoisliúntais. Tá sé sin difriúil le ranníocaíocht i ndáil le comhaltas i scéim Céilí agus Leanaí agus tá sé difriúil freisin leis na Ranníocaíochtaí Breise Aoisliúntais. Beidh feidhm ag ráta nach ráta RPP é i gcás nach gceanglaítear ar an gceapaí Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin a dhéanamh.

### NÓTAÍ TÁBHACHTACHA A BHAINEANN LE TUARASTAL

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire nach mbeidh an tuarastal sin faoi réir idirbheartaíochta. Féadfar an ráta luacha saothair iomláin a choigeartú ó am go chéile, ar aon dul leis an mbeartas pá Rialtais a bhfuil feidhm aige maidir le seirbhísigh phoiblí go ginearálta.

### TIONACHT

Is bunaithe ar chonradh fostaíochta téarma shocraithe cúig bliana a bheidh an ceapachán.

## LÁTHAIR

Tá ceanncheathrú an Bhoird Iascaigh Mhara lonnaithe faoi láthair i mBloc 3, Campas Gnó na Cé Thiar, Seanbhóthar Dhún Laoghaire, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath, A96 A621.

## UAIREANTA FREASTAIL

Seasfar uaireanta freastail ó am go chéile ach ní bheidh siad níos lú ná 41 uair an chloig agus 15 nóiméad chomhlána sa tseachtain, nó 35 uair an chloig, glan ó shosanna lóin. Beidh ar an iarrthóir rathúil uaireanta breise a dhéanamh ó am go ham, de réir mar a fhéadfaidh a bheith réasúnach agus riachtanach le haghaidh chomhlíonadh ceart a c(h)uid dualgas faoi réir na dteorainneacha a leagtar síos sna rialacháin ama oibre. Cumhdaítear leis an ráta luach saothair is iníoctha aon dliteanas i leith freastal breise a eascróidh ó am go chéile.

## SAOIRE BHLIANTÚIL

Chomh maith leis na gnáthlaethanta saoire poiblí, is í an tsaoire bhliantúil a ghabhann leis an bpost seo ná 30 lá oibre.


## SAOIRE BHREOITEACHTA

De réir fhorálacha Scéim Saoire Breoiteachta na Seirbhíse Poiblí, íocfar pá le linn saoire bhreoiteachta chuí-dheimhnithe ar bhonn pro rata, ar choinníoll nach mbeidh aon fhianaise ann go bhfuiltear míchumasach go buan le haghaidh seirbhíse.

# AOISLIÚNTAS AGUS SCOR

Déanfar na téarmaí agus na coinníollacha aoisliúntais cuí atá i réim sa tseirbhís phoiblí a thairiscint don iarrthóir rathúil an tráth a thairgfear ceapachán. Go ginearálta, ciallaíonn sé sin ceapachán a bheith á thairiscint bunaithe ar bhallraíocht i Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí ("Scéim Aonair").

Is féidir tuilleadh faisnéise faoin Scéim Aonair a fháil ag http://www.singlepensionscheme.gov.ie/. Is í 70 bliain d'aois an aois uasta scoir d'fhormhór na mball den Scéim Aonair.



Is féidir go mbeidh téarmaí agus coinníollacha difriúla a bhaineann le haoisliúntas agus le scor i bhfeidhm maidir le hiarrthóir i gcás go raibh sé/sí ina c(h)omhalta de scéim pinsean seirbhíse poiblí a bhí ann cheana (scéim nach í an Scéim Aonair í) tar éis an 1 Eanáir 2013 agus go raibh aon sosanna ina dhiaidh sin i bhfostaíocht seirbhíse poiblí (bíodh sí ina fostaíocht inphinsin nó ná bíodh) 26 seachtaine nó níos lú. Cinnfear na teidlíochtaí pinsin agus an aois uasta scoir, más infheidhme, atá i bhfeidhm maidir leis na ceapaithe sin ach aird a thabhairt ar a stair fostaíochta sa tseirbhís phoiblí.

**FÓGRA TÁBHACHTACH**

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go bhféadfadh go mbeadh téarmaí agus coinníollacha difriúla i gceist más rud é, díreach roimh an gceapachán, gur státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí atá ag fónamh faoi láthair é/í an ceapaí.

**Tugtar breac-chuntas thuas ar na príomhchoinníollacha seirbhíse agus níl sé beartaithe gur liosta cuimsitheach atá ann de na téarmaí agus na coinníollacha fostaíochta ar fad a leagfar amach sa chonradh fostaíochta a chomhaontófar leis an iarrthóir rathúil.**

## RANNÍOCAÍOCHT BHREISE AOISLIÚNTAIS

Beidh iarrthóirí rathúla atá ina gcomhaltaí de scéim pinsean seirbhíse poiblí faoi réir na Ranníocaíochta Breise Aoisliúntais de réir an Achta um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017. Tá an Ranníocaíocht Bhreise Aoisliúntais de bhreis ar aon ranníocaíochtaí pearsanta pinsin (dá ngairtear ranníocaíochtaí príomhscéime ar shlí eile) agus aon ranníocaíochtaí Céilí agus Leanaí is iníoctha de réir rialacha aon scéime pinsean.

## TEORAINN LE FABHRÚ PINSIN

Le halt 52(6) den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, cuirtear teorainn leis an méid seirbhíse inphinsin a fhéadfaidh duine aonair a fhabhrú trasna na scéimeanna seirbhíse poiblí uile a bhí ann cheana (téarmaí nach téarmaí na Scéime Aonair iad) go daichead bliain nó a choibhéis ar a mhéad; i gcás gur mó an tseirbhís inphinsin ná daichead bliain an 28 Iúil 2012, foráiltear le halt 52(7) go bhféadfaidh siad sochar na seirbhíse sin a choinneáil. Is féidir go mbeidh impleachtaí pinsin aige sin má ghnóthaigh an ceapaí cearta pinsin i bhfostaíocht sa tseirbhís phoiblí roimhe seo. I gCiorclán 13/2020 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, atá ar fáil ar an suíomh Gréasáin https://www.gov.ie/en/circulars/, soláthraítear treoir maidir leis an modh le haghaidh teidlíochtaí pinsin a ríomh i gcásanna den sórt sin.

## TEIDLÍOCHTAÍ PINSIN SEIRBHÍSE POIBLÍ ROIMHE AGUS LAGHDÚ PINSIN

**DEARBHÚ:** Ceanglófar freisin ar iarratasóirí aon teidil chun sochair pinsin Seirbhíse Poiblí (atá á íoc nó atá caomhnaithe) ó aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí eile a dhearbhú agus/nó é a dhearbhú i gcás go bhfuair siad íocaíocht ionaid i leith seirbhís in aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí de réir alt 51 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

**LAGHDÚ:** Más rud é go raibh an ceapaí fostaithe cheana féin sa tSeirbhís Phoiblí (an Státseirbhís san áireamh) agus go bhfaigheann sé/sí pinsean ón tSeirbhís Phoiblí, nó más rud é go bhfuil pinsean Seirbhíse Poiblí á íoc le linn a (h)athfhostaíochta, beidh an pinsean sin faoi réir laghdú de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

**TEIDLÍOCHTAÍ FAOI SCÉIMEANNA SDLS/SLS:** Ba cheart dul i gcomhairle leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe roimh cheapadh foirmiúil i ngach cás inar bhain an ceapaí ionchasach leas as socrú SLDS/ID/SLS roimhe seo sa tSeirbhís Phoiblí. Is iad na téarmaí agus na beartais lena rialaítear an scéim SLDS/ID/SLS atá i gceist a chinnfidh impleachtaí a c(h)eapacháin nua dá t(h)eidlíochtaí íocaíochta/pinsin SLDS/ID/SLS. Áirítear é seo a leanas le sampla de cheann amháin:

- Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí: An Roinn Oideachais agus Scileanna – Ciorclán 102/2007: Rinne an Roinn Oideachais agus Scileanna Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí a thabhairt isteach. Tá sé mar choinníoll de chuid na Scéime Luathscoir gurb amhlaidh, seachas sna cásanna a leagtar amach i míreanna 10.2 agus 10.3 den doiciméadacht ciorcláin iomchuí agus sna cásanna sin amháin, más rud é go nglacann múinteoir le luathscor faoi Shraitheanna 1, 2 nó 3 den scéim sin agus go bhfostaítear é/í in aon cháil i réimse ar bith san earnáil phoiblí, a scoirfear láithreach de phinsean a íoc leis an duine sin faoin scéim. Tosófar arís ar íocaíochtaí pinsin, áfach, nuair a scoirfear den fhostaíocht sin nó ar an lá a shlánóidh an duine 60 bliain d'aois, cibé acu is déanaí, ach nuair a thosófar ar íocaíochtaí pinsin arís, beidh an pinsean bunaithe ar sheirbhís ináirithe iarbhír an duine mar mhúinteoir (i.e., ní dhéanfar na blianta breise a tugadh roimhe sin a chur san áireamh nuair a bheidh an íocaíocht pinsin á ríomh).

## SCOR DE DHEASCA EASLÁINTE – PINSEAN

Tabhair faoi deara: i gcás gur scoir duine ó chomhlacht Státseirbhíse/Seirbhíse Poiblí mar gheall ar easláinte, d'fhéadfaí athbhreithniú a dhéanamh ar phinsean an duine sin ón bhfostaíocht sin de réir na rialacha a bhaineann le scor de bharr easláinte laistigh de scéim pinsean na fostaíochta sin.

### LIGEAN ISTEACH I gCOMÓRTAS

Ní ionann duine a ligean isteach i gcomórtas, nó cuireadh chun agallaimh a thabhairt dó/di, nó litir a sheoladh chuige/chuici á rá gur éirigh leis/léi, agus a rá gur deimhin le BIM go gcomhlíonann an duine sin na ceanglais.

### CRITÉIR SHONRACHA IARRTHÓIRÍ

De bhreis ar na critéir incháilitheachta atá leagtha amach a chomhlíonadh, ní mór d'iarrthóirí:

- An t-eolas agus an cumas a bheith acu dualgais an phoist lena mbaineann a chomhlíonadh
- A bheith oiriúnach ar fhorais sláinte agus phearsantachta
- Bheith oiriúnach ar gach bealach ábhartha eile dá gceapadh chuig an bpost lena mbaineann
- Má éiríonn leo, ní cheapfar chun an phoist iad:
    - mura n-aontaíonn siad tabhairt faoi na dualgais a ghabhann leis an bpost agus glacadh leis na coinníollacha faoina gcomhlíontar na dualgais nó faoina bhféadfadh sé a bheith riachtanach na dualgais a chomhlíonadh; agus
    - mura bhfuil siad inniúil agus ar fáil go hiomlán chun tabhairt faoi na dualgais a ghabhann leis an bpost agus mura bhfuil siad lánábalta tabhairt fúthu.

### NEAMH-AISÍOC CAITEACHAS

Ní aisíocfar aon chaiteachais a thabhóidh iarrthóirí agus iad ag gabháil d'aon ghnéithe den phróiseas roghnúcháin nó ag freastal orthu sin.

### IARRTHÓIREACHT A MHEAS A BHEITH TARRAINGTHE SIAR


Iarrthóirí nach bhfreastalaíonn ar agallamh nó ar aon tástáil eile de réir mar a éileoidh BIM, measfar gur tharraing an t-iarrthóir é/í féin siar ón gcomórtas agus ní dhéanfar aon bhreithniú eile ar a (h)iarrthóireacht.

### DIÚLTÚ DO THAIRISCINT CHEAPACHÁIN

I gcás go ndéanfaidh an duine a mholtar lena c(h)eapadh diúltú don cheapachán, nó más rud é go scarfaidh sé/sí leis tar éis dó/di glacadh leis an gceapachán, féadfaidh BIM, faoina lánrogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh lena c(h)eapadh bunaithe ar thorthaí an phróisis roghnúcháin seo.

### AN REACHTAÍOCHT IOMCHUÍ

De réir nósanna imeachta earcaíochta dea-chleachtais, déanfaidh an Bord Iascaigh Mhara (BIM) a dhícheall seirbhís Earcaíochta agus Roghnúcháin atá freagrúil agus éifeachtúil a sholáthar. Agus an tseirbhís sin á soláthar, tá sé tábhachtach go ndéanfaí BIM a chur chun cinn mar 'Fhostóir Comhionannas Deiseanna' agus go gcloífeadh sé go docht leis an Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998, leis an Acht um Stádas Comhionann, 2000, leis an Acht um Chomhionannas, 2004, leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018, leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, le Ceadú Neamhtharmligthe, agus le gach treoir/ciorclán iomchuí ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.



## OIBLEAGÁIDÍ IARRTHÓIRÍ

Ní ceadmhach d'iarrthóirí sa phróiseas earcaíochta:

- faisnéis bhréagach a chur ar fáil go feasach nó go místuama;
- aon duine a chanbhasáil, trí aslú nó gan aslú;
- cur isteach ar an bpróiseas nó cur as dó ar bhealach ar bith;
- úsáid a bhaint as aon chineál trealaimh taifeadta neamhcheadaithe ar an áitreabh;
- ní ceadmhach do thríú páirtí iarrthóir a phearsanú ag céim ar bith den phróiseas.

## SÁRÚ AR AN gCÓD CLEACHTAIS

Aon duine a sháróidh na forálacha thuas nó a chabhróidh le duine eile na forálacha thuas a shárú, beidh sé/sí ciontach i gcion. Tá duine a fhaightear ciontach i gcion faoi dhliteanas fíneáil a íoc agus/nó príosúnachta.

Ina theannta sin, más rud é go raibh nó go bhfuil duine a fuarthas ciontach i gcion ina (h)iarrthóir ag próiseas earcaíochta;

- dícháileofar é/í mar iarrthóir agus eisiafar é/í ón bpróiseas;
- má ceapadh é/í chuig post cheana féin tar éis an phróisis earcaíochta, cuirfear as an bpost sin é/í.

## RÚNDACHT FAISNÉISE AGUS ÁBHAR

Tá sé tábhachtach a chuimhneamh gur próiseas iomaíoch é seo le haghaidh ról a bhfuil ionracas ina ghné ríthábhachtach de. Má chomhroinneann tú faisnéis maidir leis an bpróiseas roghnúcháin, e.g., trí na meáin shóisialta nó ar mhodhanna eile, is féidir go ndícháileofar thú ón gcomórtas.

Tabhair faoi deara go bhfuil na hábhair mheasúnaithe agus thrialach uile faoi réir cóipchirt agus go bhfuil gach ceart ar cosaint. Ní fhéadfar cuid ar bith den ábhar trialach (lena n-áirítear sleachta faisnéise, ceisteanna agus roghanna freagra), ábhair ghaolmhara agus/nó faisnéis a bhaineann leis an agallamh a atáirgeadh ná a tharchur i bhfoirm ar bith nó i modh ar bith, lena n-áirítear foirm leictreonach, foirm mheicniúil, fótachóipeáil, grianghraif, taifeadadh, foirm scríofa nó ar shlí eile, ag céim ar bith.

Más rud é go ndéanfaidh tú amhlaidh, is féidir go n-eisiafar thú ón bpróiseas roghnúcháin. Aon duine a sháróidh an fhoráil sin, nó a chabhróidh le duine/daoine eile an fhoráil sin a shárú, dlífear é/í a ionchúiseamh agus/nó caingean shibhialta a thionscnamh ina (h)aghaidh i leith caillteanas cóipchirt agus maoine intleachtúla.






Seomra 101,
Teach Grafter,
10 Plás Íle,
Baile Átha Cliath 2,
Poblacht na hÉireann,
D02 HR98


**perrettlaver.com**

Perrett Laver

AMERICAS ASIA PACIFIC EMEA